Seirbhísí Luathbhlianta: Seicliosta Féinmheasúnaithe

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Seicliosta Féinmheasúnaithe Seirbhísí Luathbhlianta

D'fhorbair Cigireacht Luathbhlianta Tusla an seicliosta féinmheasúnaithe seo chun treoir phraiticiúil a sholáthar do sholáthraithe cláraithe maidir le conas ullmhú d'athoscailt a gcuid seirbhísí agus conas leanaí a choimeád slán. Ba cheart an doiciméad '***Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta COVID-19***' a úsáid i dteannta leis an seicliosta seo.

Roimh athoscailt, ní mór do sholáthraithe cláraithe bearta rialaithe ionfhabhtaithe a athbhreithniú agus a fheabhsú. Ceanglaítear le Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 go bhfuil beartas rialaithe ionfhabhtaithe agus beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag soláthraí cláraithe. Leagann Rialachán 23 freagracht ar an soláthraí cláraithe leanaí atá faoina gcúram a chosaint agus timpeallacht shábháilte a sholáthar.

Féachann an seicliosta féinmheasúnaithe seo ar chomhlíonadh a éascú laistigh de na rialacháin agus riachtanais COVID-19 agus leanaí agus baill foirne a chosaint ag an am seo. Tá an seicliosta seo roinnte síos i ndá chuid:

- Roinn 1: Roimh athoscailt
- Roinn 2: Cleachtas nuair atá sé athoscailte

Tosóidh cigireachtaí rialála nuair a athosclófar seirbhísí i gCéim 3. Le linn cigireachtaí, déanfaidh Tusla measúnú ar:

1. na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc i gcomhréir leis an seicliosta féinmheasúnaithe
2. neamh-chomhlíonadh neamhréitithe roimhe seo agus
3. cúram agus folláine foriomlán na leanaí

Le haghaidh tuilleadh eolais a nuashonraítear ar bhonn leanúnach., féach an treoir HPSC le do thoil: Treoir um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe do shuíomhanna a sholáthraíonn cúram leanaí le linn na Paindéime COVID-19 (www.hpsc.ie).

Roinn 1: Roimh Athoscailt

Roimh athoscailt na Seirbhíse Luathbhlianta, ní mór don soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm.

Ainm na Seirbhíse: _____

Dáta a Comhlánaíodh an Féinmheasúnú Réamh-Oscailte: _____

Féinmheasúnú/uithe Comhlánaithe _____

Beartais	Comhlánaithe	Ar siúl	Níl sé tosaithe
Nuashonraíodh an beartas maidir le rialú ionfhabhtaithe chun bearta rialaithe ionfhabhtaithe do COVID-19 a chur san áireamh agus ionchorpraíonn sé sceideal glantacháin feabhsaithe.			
Tá athbhreithniú déanta ar an sceideal glantacháin.			
Tá beartas um bhainistiú riosca i bhfeidhm a aithníonn aon rioscaí féideartha agus na rialuithe atá ag teastáil chun an riosca a laghdú nó fáil réidh leis. Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas i bhfianaise na paindéime COVID-19.			
Tá plean teagmhais i bhfeidhm a thugann breac-chuntas ar na gníomhartha le glacadh má tá amhras ann go bhfuil COVID-19 ag leanbh/ball foirne.			
Rinneadh athbhreithniú ar uainchláir foirne chun a chinntiú go bhfuil cóimheasa baill foirne-leanaí i gcomhréir le riachtanais rialála. Tá breithniú déanta ar uainchláir foirne chun gluaiseacht na foirne idir seomraí a íoslaghdú agus an t-am sosa a scaradh amach.			

Eolas & Oiliúint Foirne	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Tá eolas agus oiliúint faighte ag Baill Foirne chun COVID-19 a bhainistiú, lena n-áirítear: • Beartais na seirbhíse, lena n-áirítear beartas um rialú ionfhabhtaithe, beartas bainistíochta riosca, plan teagmhais • Oiliúint ar nósanna imeachta cearta do níochán láimhe • Nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le fágáil agus bailiú • Nósanna imeachta athbheithnithe chun timpeallacht súgartha a chur ar bun • Nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le glanadh • Prótacal Filleadh ar an obair de chuid na hÚdaráise Sláinte agus Sábháilteachta Coinnítear taifead de gach oiliúint a chuirtear ar fáil do bhaill foirne.			
Tá teagmháil déanta le gach ball foirne chun fáil amach an raibh siad i dteagmháil le cás amhrasta/deimhnithe nó ag fulaingt siomptóim iad féin.			

Cumarsáid le tuismitheoirí / caomhnóirí agus cuairteoirí eile ar an seirbhís	Comhlánaithe	Ar SIúl	Níl sé tosaithe
Forbraíodh conairí chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir le hathruithe i mbeartas agus cleachtais.			
Tá eolas faighte ag tuismitheoirí ar: • Beartais athbhreithnithe na seirbhíse lena n-áirítear beartas um rialú ionfhabhtaithe, • Nósanna imeachta maidir le fágáil agus bailiú leanaí • Treoir ar neamhfhreastal má tá siomptóim ag leanbh			

• Gníomhartha sa chás go bhfuil leanbh nó ball foirne ag léiriú siomptóim COVID-19 • Nuashonrú a dhéanamh ar fhoirmeacha rollaithe leanaí (nuair is cuí)			
Tá nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm le haghaidh seachadadh seachtrach nó conraitheoirí ag teacht go dtí an tseirbhís.			

Timpeallacht Fhisiceach - Foirgneamh	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Glanadh an t-áitreabh go han-mhaith, go hinmheánach agus go seachtrach, roimh athoscailt na seirbhíse, lena n-áirítear na bréagáin agus trealamh go léir.			
Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais spáis i gcomhréir le riachtanais rialála reatha.			
Tá fógraí eolais curtha ar fáil ag gach bealach isteach chuig an tseirbhís a dhearbhaíonn nach féidir le leanaí agus baill foirne freastal más rud é: • go bhfuil siomptóim COVID-19 acu • gur thaistil siad lasmuigh den tír laistigh den 14 lá deireanach nó go raibh siad i dteagmháil le duine a ndearnadh diagnóis air le COVID-19			
Léirítear comharthaíocht atá oiriúnach do leanaí, lena n-áirítear: • Marcóirí achair fisiciúla i gceantair chomhroinnte agus ag pointí fágála agus bailiúcháin • Riachtanais chun teacht le chéile i ngrúpaí a sheachaint ag bealach isteach na seirbíse • Riachtanais maidir le scaradh sóisialta – 2 méadar			
Tá gléasanna taifeadta teochta ar fáil (mar is gnáth) sa tseirbhís chun teochtaí leanaí a thaifeadadh, de réir mar is gá.			

Tá soláthar leordhóthanach gníomhairí glantacháin agus trealamh ar fáil i ngach seomra den seirbhís. Tá stóráil shábháilte ar fáil le haghaidh gníomhairí glantacháin agus trealamh.			

Déantar monatóireacht agus athsholáthrú ar ghníomhairí glantacháin nuair is gá.			
Cuirtear soláthar díghalrán láimhe (>70% alcóil) ar fáil ag: • bealach isteach chuig an tseirbhís /foirgneamh agus • seomraí cúraim agus seomraí coimhdeacha			
Tá soláthar uisce te (<43°C), gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir ar fáil. Léirítear comharthaíocht ar theicnící níochán láimhe a oireann don aois. Tá fógraí maidir le húsáid cheart díghalrán láimhe suite in aice le gach dáileoir.			
Ceanglaítear ar bhaill foirne TCP oiriúnach a chaitheamh (i.e., lámhainní agus naprúin) le haghaidh glantacháin agus cleachtais athraithe clúidín. Tá soláthar beag maisc máinliachta ar fáil do dhuine ar bith a thagann siomptóim COVID-19 orthu nó ma roghnaíonn ball foirne ceann a úsáid agus iad ag tabhairt aire do leanbh breoite. Déantar monatóireacht agus athsholáthrú ar stoic TCP nuair is gá.			
Tá áiseanna aitheanta chun freastal ar bhall foirne nó leanbh atá ag léiriú siomptóim COVID-19. D'fhéadfadh na háiseanna seo a bheith i gceist: Seomra ar leithligh dea-aeráilte, **nó** Limistéar atá 2m ó dhaoine eile.			
Tá machnamh déanta ar leagan amach na seomraí cúraim lena chinntiú go gcoinnítear leanaí i ngrúpaí beaga comhsheasmhacha (faighneoga súgartha) agus seachnaítear meascadh le grúpaí eile.			
Tá breithniú tugtha don bhréagáin/trealamh súgartha agus ábhair is oiriúnaí le húsáid go hinmheánach agus go seachtrach.			

Tá bréagáin i riocht maith, agus éasca le glanadh agus díghalrú.			

Rinneadh athbhreithniú ar leagan amach an limistéir allamuigh, agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú: • Go bhfuil leanaí ó fhaighneoga súgartha éagsúla scartha óna chéile, a mhéid is féidir • Go nglantar agus go ndíghalraítear bréagáin agus trealamh roimh agus tar éis do ghrúpa leanaí iad a úsáid			

Roinn 2: Cleachtas nuair a bheidh sé Oscailte

Nuair a athosclófar an tSeirbhís Luathbhlianta, ní mór don soláthraí cláraithe a dheimhniú go bhfuil na bearta seo a leanas á gcur i bhfeidhm

Dáta(aí) a Comhlánaíodh an Féinmheasúnú tar éis athoscailte _____

Féinmheasúnú/uithe Comhlánaithe ag _____

Taifid Freastail	Comhlánaithe	Ar siúl	Níl sé tosaithe
Caithfear taifid freastail chomhlánaithe agus cruinne a choimeád do gach leanbh agus duine fásta agus aon chuairteoirí dosheachanta chuig an tseirbhís. Cuimsíonn taifid freastail sonraí na foirne agus leanaí i ngach faighneog súgartha.			

Sláinteachas Láimhe	Comhlánaithe	Ar siúl	Níl sé tosaithe
Cuirtear áiseanna níochán láimhe ar fáil le soláthar uisce te (<43°C), gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir. Tá soláthar díghalrán ar fáil go héasca ar fud na seirbhíse.			
Tá boscaí bruscair troitheánacha chun tuáillí páipeir a dhiúscairt ar fáil ag gach báisín láimhe agus ar fud na seirbhíse.			
Is féidir díghalrán láimhe a úsáid mar mhalairt ar níochán láimhe nuair nach bhfuil áiseanna níochán láimhe ar fáil go héasca (e.g., lasmuigh).			

Níonn baill foirne agus leanaí a lámha go rialta le linn an lae. Tugtar cúnamh agus spreagadh do leanaí a lámha a ní go rialta.			

Sláinteachas Pearsanta / Béasaíocht Riospráide	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Múintear do leanaí agus déantar maoirseacht orthu maidir le teicnící níochán láimhe agus triomú láimhe cearta (aois-oiriúnach).			
Leantar cleachtais shábháilte maidir le casachtach, sraothartach, agus cuimilt srónta. Déantar ciarsúir pháipéir a dhiúscairt go pras tar éis iad a úsaid i mbosca bruscair. Déantar lámha a ní nó a dhíghalrú láithreach ina dhiaidh sin. Tá soláthar ciarsúir pháipéir ar fáil go héasca i ngach seomra cúraim.			
Tá díghalrán láimhe ar fáil agus in úsáid ag baill foirne gach uair a théann siad isteach agus a fhágann siad seomra.			
Déantar maoirseacht ar leanaí agus iad ag úsáid díghalrán láimhe i gcónaí.			
Tá tacar spártha éadaí ar fáil do gach ball foirne sa tseirbhís má tá gá leis.			
Tá soláthar leordhóthanach éadaí glana ar fáil do gach leanbh sa tseirbhís.			

Cás Amhrasta COVID-19	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Cuirtear an plean teagmhais seirbhíse i bhfeidhm más rud é go bhfuil amhras ann i leith siomptóim COVID-19 nó aon ghalar tógálach eile. (Féach do treoir HPSC). Tá teirmiméadar neamhtheagmhála infridhearg ar fáil. (Mura bhfuil teirmiméadar infridhearg á úsáid, caithfear teirmiméadar le clúdaigh chosanta aon úsáide a úsáid).			

Scaradh Sóisialta 2m a choimeád (nuair is féidir)	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Coinníonn daoine fásta (baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí) scaradh sóisialta nuair is féidir • Seachnaítear scuainí agus teacht le chéile ag amanta bailithe. • Tá marcóirí achair i bhfeidhm i gceantair chomhroinnte agus pointí fágála agus bailiúcháin. • Tugtar leanaí díreach chuig a seomra cúraim speiceasach nuair a shroicheann siad.			
Chun feidhmiú an chórais faighneog-súgartha a éascú, tá an fhoireann ar an eolas faoi riachtanais scaradh sóisialta, lena n-áirítear: • Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach an tseomra • Athbhreithniú a dhéanamh ar bhréagáin/trealamh atá á n-úsáid gach lá • Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá á ndéanamh le leanaí • Seachain faighneoga súgartha/grúpaí leanaí a mheascadh • Seachain ceantair chomhroinnte a úsáid • Athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta d'amanta béilí			
Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil sosanna foirne sceidealta chun cóimheasa foirne leordhóthanacha a chinntiú agus cruinnithe foirne a shrianadh.			
Tá srian curtha le gluaiseacht foirne agus leanaí idir seomraí chun scaipeadh an ionfhabhtaithe a rialú.			

Glantachán Comhshaoil	Comhlánaithe	Ar siúl	Níl sé tosaithe

Tá sceideal glantacháin ar fáil agus tá sé á chur i bhfeidhm i gceart i ngach cuid den seirbhís, lena n-áirítear an limistéar allamuigh.			
Tá soláthar gníomhairí glantacháin ar fáil go héasca agus á stóráil go sábháilte i ngach seomra den seirbhís.			

Tá soláthar de threalamh glantacháin ar fáil agus nuair is féidir é, tá sé suite i ngach seomra cúraim. Stóráiltear trealamh glantacháin go cuí agus go sábháilte nuair nach bhfuil sé in úsáid. Déantar monatóireacht agus athsholáthrú ar sholáthar glantachaín nuair is gá.			
Tá soláthar TCP (i.e. lámhainní agus naprúin) ar fáil agus in úsáid le haghaidh dualgas glantacháin.			
Glantar réimsí teagmhála ar nós táblaí, cuntair, murláin dorais agus cófraí, lasca, sconnaí, hanlaí leithris, cúl cathaoireacha agus ráillí láimhe go minic le linn na n-uaireanta oibriúcháin.			
Stóráiltear línéadach glan in áit shainithe ghlan.			
Stóráiltear línéadach salach go sábháilte chun traséilliú a sheachaint go dtí go bhfuil sé nite. Nitear an níochán ag an teocht is airde a ghlacfaidh an t-éadach.			

Bainistiú Dramhaíola	**Comhlánaithe**	**Ar Siúl**	**Níl sé tosaithe**
Tá boscaí bruscair dramhaíola troitheánacha ar fáil i ngach seomra agus inrochtana ag an bhfoireann agus ag leanaí a fholmhaítear go rialta. Glanann baill foirne a lámha tar éis an chúraim seo.			
Déantar na boscaí bruscair go léir a ghlanadh agus a dhíghalrú go rialta, go háirithe na hanlaí agus na clúdaigh.			

Tá pleananna teagmhais i bhfeidhm má bhíonn amhras ann nó má tharlaíonn cás deimhnithe de COVID-19 sa tseirbhís. • Tá soláthar málaí ar fáil do na málaí dúbailte agus diúscairt dramhaíl thruaillithe. • Tá limistéar ainmnithe chun dramhaíl a d'fhéadfadh a bheith éillithe ag COVID-19 a stóráil le haghaidh 3 lá. Is fédir é a chur sa ghnáthdhramhaíl ina dhiaidh an ama sin.			

Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Tá soláthar TCP (i.e., lámhainní agus maisc) ar fáil má aithnítear cás amhrasta nó nuair atá sé ag teastáil ó bhaill foirne sa tseirbhís. Tá TCP inrochtana agus á stóráil go sábháilte.			

Aerú	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Tá gach seomra sa tseirbhís aeraithe go leordhóthanach ag • Fuinneoga a osclaítear go rialta le linn an lae • Córas aerála meicniúil atá ag feidhmiú i gceart			

Bréagáin agus Ábhair Shúgartha/Gníomhaíochtaí	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Tá na bréagáin atá ar fáil le húsáid éasca le glanadh agus díghalrú. Má úsáidtear é, tá taos súgartha le hathsholáthar go laethúil, agus ní mór bréagáin bhoga a ghlanadh go rialta. Tá bréagáin scartha amach óna chéile do gach faighneog súgartha. Tá na bréagáin i gcaoi maith.			
Nitear bréagáin a chuireann leanaí ina mbéal tar éis úsáide nó roimh úsáid. Ní roinntear bréagáin bhéil idir leanaí.			
Tá nós imeachta i bhfeidhm maidir leis an nglanadh, steiriliú agus stóráil shábháilte gobán.			

Tá gobáin, buidéil, cupáin aonair 7rl. ar fáil do leanaí chun comhroinnt agus scaipeadh ionfhabhtuithe a sheachaint. Aithnítear gach earra leis an leanbh ábhartha.			
Déantar athbhreithniú ar na bréagáin agus an trealamh laistigh de gach seomra cúraim chun a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach do líon na bpáistí atá i láthair agus do na gníomhaíochtaí a phleanáiltear go laethúil.			

Limistéar Allamuigh & Gníomhaíochtaí	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Éascaítear úsáid an limistéir allamuigh ag níos mó ná faighneog/grúpa súgartha leanaí amháin go sábháilte.			
Cuirtear measúnú riosca ar bun nuair atá sé mar phlean ag seirbhísí dul ar thurais.			
Glantar an trealamh súgartha seasta sa limistéar allamuigh tar éis go gach faighneog súgartha / grúpa an limistéar a úsáid.			

Soláthar Bia	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Má tá seomraí bia ar fáil, seachnaítear grúpaí éagsúla ag meascadh le chéile. Déantar an áit a ghlanadh go críochnúil roimh agus tar éis do gach grúpa í a úsáid. Tugtar sneaiceanna agus béilí go dtí na seomraí cúraim aonair agus tugann na baill foirne sannta sa seomra sin amach iad, nuair is féidir. Sa chás go bhfaightear bia ó lónadóir seachtrach, tá rochtain ar an seirbhís srianta.			

Codladh / Sos	Comhlánaithe	Ar Siúl	Níl sé tosaithe
Socraítear cliabháin chodlata ionas go bhfuil fad fisiceach idir grúpaí cliabhán le haghaidh leanaí ó fhaighneoga éagsúla.			

Sa chás go dtugtar trealamh codlata do leanbh amháin; • Tá cliabháin, mataí codlata agus leapacha lae lipéadaithe le hainm an linbh atá á n-úsáid. • Úsáidtear línéadach leapa do gach leanbh aonair.			

Sa chás go roinntear trealamh codlata, tugtar faoi chleachtais dhian rialaithe ionfhabhtaithe; • Glanadh agus díghalrú an fhráma chliabháin, • Glanadh an tochta, • Athrú an línéadaigh leapa, • Lipéadú ar an trealamh codlata le hainmneacha na leanaí a úsáideann é • Coinnítear taifead de gach athrú ar línéadach leapa.			
Glantar mataí codlata agus leapacha lae roimh agus tar éis gach úsaide.			
Tá soláthar leordhóthanach de línéadach leapa glan ar fáil agus stóráilte chun tras-ionfhabhtú a chosc.			
Déantar línéadach salach a bhaint agus a ní go sábháilte. Nitear an línéadach go léir ag an teocht is airde a ghlacfaidh an t-éadach.			
Tá áiseanna oiriúnacha ar fáil chun leapacha lae agus mataí codlata a stóráil nuair nach bhfuil siad á n-úsáid.			
Tá troscán agus trealamh a úsáidtear sa cheantar teolaí/ciúin le haghaidh sosa i riocht glan.			